

To Translate over Break

Gluaiseacht na Gaeilge, gluaiseacht ar strae? Caint a bhfuil lorg na fírinne fós uirthi

Dúirt Máirtín Ó Cadhain i 1969 nach bhféadfai ‘an geaitse meath-réabhlóideach féin’ a shamhlú le gluaiseacht na Gaeilge fiú. An bhfuil aon athrú tagtha ar an scéal?

Le Daithí De Mórdha, Dé Luain, Samhain 27 2017 ag 6:45 am

The famous author Máirtín Ó Cadhain (*Cré na Cille* and much more) was also a radical activist for the language. What would he say were he around today?

One reason for tackling this long article for the break is that it gives you a pretty strong dose of Munster Irish, maybe even from the Dún Chaoin/Blaskets area, as some of the ways this guy says things are unusual even in most of Munster. Mark the items that stand out as part of the dialect.

Nuair a chuaigh an bheainín bheag amach don chistin an mhaidin eile bhí an bord clúdaithe le páipéir, leabhair, blúiríocha de nótaí ina mbuindilí caite thall is abhus óm’ sheisiún staidéir, agus an chuma ar an áit go raibh cóch gaoithe tar éis séideadh ón ndoras thiar go dtí’n ndoras tosaigh.

‘Cad é sin?’ ar sí.

‘Sin m’obair bhaile,’ arsa mise.

D’fhéach sí orm, amhail gur mé an stúmpa amadáin ba mheasa a tharraing peidhre drárs aníos air fhéinig riamh.

‘Daidí! Canathaobh go bhfuileann tú fós ar scoil?!’

An-cheist a leanbh, arsa mise liom féin, ceist nach bhfuil freagra agam air, agus dhá bhliain is fiche caite agam sa chóras oideachais.

Ach ní hé sin ach é seo agus sin scéal eile. I measc na gcarn páipéar bhí cóip d’óráid a thug an t-údar agus gníomhaí Máirtín Ó Cadhain ag Comhdháil an Chomhchaidrimh i dTír Chonaill, mí Lúnasa na bliana 1969: páipéar dar teideal ‘Gluaiseacht na Gaeilge: Gluaiseacht ar Strae’. Ach ar léigheas an t-alt ar dtús, rith sé liom dá mairfeadh an Cadhnach, go bhféadfadh sé an óráid cheannann chéanna a scríobh i mbliana, ó tá sé chomh hábhartha, chomh dúshlánach, is a bhí ag deireadh na seascaidí. Tá teideal na cainte féin ábhartha. Is ábhartha fós é an tseachtain seo, i bhfianaise sár-alt Mháire Ní Fhinneadha ar Bhliain na Gaeilge, a foilsíodh an tseachtain seo caite ar Tuairisc.ie, agus a spreag an-allagar agus plé. Cheapas nach mbeadh sé de mhisneach ag éinne ar na saolta seo alt chomh dúshlánach le ceann an Chadhnaigh a chur amach, ach féach go raibh dearúd trom orm.

‘Sé dualgas lucht na Gaeilge,’ a deir An Cadhnach, ‘a bheith ina sóisialaigh. Siad lucht labhartha na Gaeilge sa nGaeltacht an aicme is direoile agus is buailte den mhuintir seo againn in Éirinn. Is mar a chéile agamsa, an aicme sin pobal na Gaeilge, a shlánú, agus an Ghaeilge a shlánú.’

Sin atá ina sheanphort agamsa le fada – gan pobail bhuaana theaspúla sa Ghaeltacht, níl faic ach bás i ndán don dteanga. Agus féach go bhfuil fianaise i mapaí na heagraíochta Pobal, a foilsíodh le déanaí, ar mhaíomh Uí Chadhain go raibh, agus go bhfuil fós, muintir na Gaeltachta (nó cuid acu ach go háirithe) ar an aicme is dearóile in Éirinn. Tá, mar shampla, geall le leath d'fhearaihbh i dtoghroinn Ghaeltachta amháin i dTír Chonaill, dífhostaithe. Plus ça change ...

Ag trácht dó ar shaol na Gaeltachta, bhí a léamh Marcsach féin ag an gCadhach ar shochaí Chonamara: 'Mar thar áit ar bhith eile in Éirinn tá an t-idirdhealú aicmeach, an class distinction, suntasach sa nGaeltacht. Gheobhadh Marx, Engels, agus Lenin cruthú breá ann ar a ndeimhne gurb iad an ardaicme agus lucht an rachmais, na capitalists, is túisce a thréigean saíúlacht nó cultúr na muintire. B'ionann na boicht agus lucht na Gaeilge.'

D'fhéadfaí a rá go bhfuil an éagothromaíocht seo dulta in olcas ón am a deinadh páirc saoire do lucht rachmais na gcathracha as cuid den nGaeltacht, an chuid di a bhí beo bocht tamall ach ag a bhfuil áilleacht nádúrtha gan sárú inti. Cén tuiscint atá ag a bhformhór ar 'saíúlacht nó cultúr na muintire'?

Díríonn An Cadhach formhór a rachta feirge ar na heagraíochtaí Gaelainne a bhí suas lena linn. 'Ní féidir an geáitse meath-réabhlóideach féin a shamhlú leis an gConra anois,' a deir sé, agus dá mairfeadh sé, agus dá gcloisfeadh sé Conraitheoirí na linne seo agus iad ag damhsa as a gcoirp le háthas agus le sceitimíní fé Bhlain na Gaeilge, b'fhéidir go ndéarfadh sé gur tháinig tuar féna thairngreacht. Ach i gcead don gConradh, is deacair dóibh bheith réabhlóideach, nuair atáid ag maireachtaint ar mhaoiniú stáit. Ina theannta san, ní ar mhaithe le muintir na Gaeltachta atá Conradh na Gaeilge ann, agus níorbh iad muintir na Gaeltachta a bhí ag déanamh tinnis dóibh riamh.

Cuirtear inár leith mar Ghaeil, pé acu fíor nó bréagach é, nach mbíonn aon faic ar siúl againn ach ag labhairt as Gaelainn, le Gaeil, féin nGaelainn. (Nach maith gur Bliain na Gaeilge seachas Bliain na Gaeltachta atá beartaithe?). Thuig Máirtín Ó Cadhain an méid sin. Deir sé 'má tá lucht na Gaeilge in ann borra le gearáin seachas rudaí faoi Ghaeilge féin agus fiú cúpla míle vóta a fháil i roinnt Dáilcheantair, beidh sin i n-ann cónardaíocht na gconlán a chur droim ar ais'. Tá sé thar am díriú ar na deacrachtaí atá ag pobal na Gaeltachta, an méid dóibh atá fágtha, agus todhchaí fóna éigin a chinntiú dóibh, seachas bheith, fé mar a deir Máire, 'ag ceiliúradh éachtaí na hathbheochana (an cúpla focal atá ag gach Éireannach)'.

Má dheintear san, mairfidh an teanga.